Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8099/25**

**UEM 131**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Latvijas Banka |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE**
**a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta,**
**a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Latvijas Banka**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2025 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Latvijas Banka (BCE/2025/12)[1],

---

[1] IO C, C/2025/2307, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2307/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Latvijas Banka, SIA Ernst & Young Baltic, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2025 ar aghaidh.

(3) Tá KPMG Baltics SIA roghnaithe ag Latvijas Banka mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2025 go 2029.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE KPMG Baltics SIA a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha Latvijas Banka do na blianta airgeadais 2025 go 2029.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle[2] a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/70(1)/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 18:

‘18. Leis seo, formheastar KPMG Baltics SIA mar iniúchóirí seachtracha Latvijas Banka do na blianta airgeadais 2025 go 2029.’.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*